

# An bhFuil Mórán Déanta?

*Anuraidh, rinneadh ceiliúradh ar bhunú Chumann Forbartha Chois Fharraige i 1966. Seo a leanas an píosa a scríobh Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige, Peadar Mac an Iomaire, i mBiseach i 1987 inar chaith sé súil siar ar raibh déanta go dtí sin. Ar ndóigh tá rudaí móra déanta ó shin freisin.*

**I** 1966, ní raibh aon mhonarcha ag Gaeltarra Éireann ó abhainn an Spidéil go dtí abhainn Chruimlinn. Ní raibh aon phíopaí uisce ag dul le bóthar. Ní raibh mórán turasóirí ag fanacht ar lóistín san áit, cé is móite de Choiste na bPáistí, agus gasúir na mBráithre. Bhí líon na ngasúr sa Scoil Náisiúnta ag íslíú. Ba chaol sheans go bhfaighfeadh an duine a fuair deis oideachas tríú leibhéal a fháil, obair ina cheantar féin. B'í an imirce a bhí ag briseadh croí aithreacha agus máithreacha a bhí tar éis clann mhór a thógáil.

Easpa saothrú ag baile a dhíbir na mílte d'aos na háite go Sasana agus go Meiriceá agus a d'fhág an dream a d'fhan ina ndiaidh na mbaile ar bheagán muiníne i gceantar nach raibh in ann a mhuintir féin a choinneáil ag imeacht. Is cinnte go raibh ochtar as gach uile dheichniúr as obair sa bparóiste seo bliain agus fiche ó shin.

Ar an Domhnach an 6ú Márta, 1966 d'fhógair sagart na háite ag an am, an Ath. Seán de Bláca, go raibh cruinniú le coiste paróiste a bhunú an tráthnóna sin. Sa séipéal a tionóladh an cruinniú sin mar nach raibh aon áit eile feiliúnach sa phobal ag an am. Ar na daoine a tháinig ag an gcéad chruinniú sin, bhí múinteoir amháin, beirt de lucht gnó na háite, roinnt daoine a bhí páirteach i bhforás litríochta agus i bhforás spóirt sa bparóiste ins na tríochaidí agus ins na ceathrachaidí agus roinnt mhaith de dhaoine óga a bhí sásta rud ar bith a dhéanamh



*Peadar Mac an Iomaire*

le cogadh a chur ar an mbochtanas, ar imirce agus ar dhí-fhostaíocht. Toghadh coiste as an méid a bhí i láthair an oíche sin agus socraíodh gur ar an gCéadaoin dár gcionn a thiocfadh an coiste le chéile i seomra a bhí gan úsáid i Sean-scoil an Chnoic.

## Aidhmeanna

Ag an gcéad chruinniú coiste sin, rinneadh amach liosta de na rudaí ba ghéire a bhí ag teastáil sa bparóiste. Orthu sin bhí:-

1. Forbairt na turasóireachta.
2. Céibh nó slip ar an Lochán Beag.
3. Bóthar na reilige a dheasú agus a leathnú.
4. Scoil Náisiúnta nua a thógáil.
5. An séipéal a dheasú agus carrchlós a dhéanamh in aice leis.
6. Obair gheimhridh a chur ar fáil do mhuintir na háite.
7. Córas uisce poiblí a chur ar fáil.
8. Iascaireacht farraige agus locha a fhorbairt.
9. Monarcha a thógáil san áit.
10. Páirc pheile agus pionúr liathróid láimhe a dhéanamh.
11. Crainnte a chur ar thalamh sléibhe.
12. Eolas a thabhairt do fheirmeoirí ar scéimeanna feabhsaithe talún agus iarracht a dhéanamh na scéimeanna sin a fheabhsú.
13. Scoláireachtaí Gaeltachta

Náisiúnta a fháil bunaithe.

14. Portaigh a fhaíl do mhuintir na háite.

15. Soilse poiblí.

16. Teora luais.

17. Leabharlann.

### Coiste

Seo iad na daoine a bhí ar an gcéad choiste de Chumann Forbartha Chois Fharraige i 1966.

An tAth. Seán de Bláca, Uachtarán.

Seán Ó Mainnín, Cathaoirleach.

Pádraic Mac an Rí, Leas-Chathaoirleach.

Peadar Mac an Iomaire, Rúnaí.

Seán Tuohy, Cisteoir, R.I.P.

Seán Ó Tuairisg, Oifigeach Caidrimh Poiblí.

*Baill Coiste:*

Tomás Ó Maoileoin, Cor na Rón.

Pádraic Chóil Ó Fátharta, An Teach Mór, R.I.P.

Pádraic Ó Coistealbha, An Lochán Beag, R.I.P.

Mícheál Ó Ceannabháin, Na hAille.

Máirtín Ó Curraidhín, Na hAille.

Seán Ó Srutháin, An Chathair.

Colm Ó Céidigh, Sailethúna

Tadhg Ó Curraidhín, An Cnocán Glas.

### Forbairt

Cruinniú is fiche a bhí ag an gcéad choiste den Chumann Forbartha ó mhí na Márta go mí na Nollag i 1966. Tháinig Pádraig Ó Durcáin ag cruinniú den choiste ar an 14ú Aibreán, 1966 agus ba de thoradh an

chruinnithe sin a rinneadh an slip ar an Lochán Beag. Thug Coimisiún na Talún áit páirc imeartha don Chumann Forbartha trasna ón nGairm Scoil. Nuair a tugadh saineolaithe ag breathnú ar áit na páirce seo, fritheadh amach nach raibh an áit feiliúnach le haghaidh páirc imeartha agus chomh maith le sin faoi seo bhí áit páirc imeartha geallta ar thalamh an tsagairt ag Ard-Easpag Thuama an Dr. Breathnach don Chumann Forbartha. Socraíodh ansin an suíomh ag an nGairm Scoil a thabhairt do Ghaeltarra Éireannle monarcha a thógáil ann. Bhí muid sásta an talamh sin a thabhairt in aisce do Ghaeltarra Éireann, ach thairg siad €3,000 a thabhairt dúinn air. Is ar an suíomh sin a tógadh monarcha Hydro Marine agus is ann atá a gceannáras ag Comharchumann Shailearna anois. Thug an Cumann Forbartha an t-airgead a fuair siad ar an suíomh seo do choiste na páirce imeartha nuair a tosaíodh ag obair ar an bpáirc.

B'iomáí rud a bhuaíl Cumann Forbartha Chois Fharraige futhú sna chéad bhlianta. Chuireadh an Cumann oícheanta ceoil, filíochta agus seanchais ar fáil sa Sean Scoil. Léiríodh drámaí inti freisin. Réitíodh seomra amháin le bheith ina ionad sóisialta don áit, agus d'imríte cártaí ann oícheanta áirithe den tseachtain. Is ann freisin a bhíodh cruinnithe an Chumainn gur dúnadh an tSean Scoil timpeall cúig bhliana déag ó shin.

Ar an 2ú Deireadh Fómhair, 1966, thug an Cumann Forbartha oll-chruinniú le chéile do mhuintir an pharóiste le míniú a thabhairt dóibh ar a raibh déanta ag an gCumann agus freisin le liosta a fháil ón bpobal ar a raibh le déanamh fós. Is ag an gcruinniú poiblí sin a socraíodh go n-athbhunófaí Cumann Peile Mhíchíl Bhreathnaigh, agus rinneadh sin ar an Sú Deireadh Fómhair, 1966.

### Cumann Drámaíochta

Ar an 9ú Márta, 1967 bunaíodh Cumann Drámaíochta Mhíchíl Bhreathnaigh agus léirigh an Cumann sin drámaí ar an gCnoc agus in áiteanna éagsúla eile ar fud Chonamara. Chuir an Cumann Forbartha isteach ar chomórtas Ghlór na nGael i 1967, agus fógraíodh go raibh an dara duais buaite ar an 18ú Deireadh Fómhair an bhliain sin. Is beag bliain ó shin nach bhfuair an pobal seo duais éigin i gcomórtas Ghlór na nGael. I mí Aibreáin, 1967 bunaíodh fo-choiste tionsclaíochta ar a raibh Seán Ó Mainnín, Seán Tuohy, R.I.P., an tAth. Seán de Bláca, Pádraic Mac an Rí agus Peadar Mac an Iomaire. I mí Meithimh, 1967 moladh leacht a thógáil in ómós na ndaoine a mharaigh an mine ar an Lochán Beag i 1917. Bhailigh gaotha na ndaoine sin an t-airgead leis an leacht a thógáil ar láthair na tubaiste, agus cuimhneachán in omós na marbh a bheith sa séipéal freisin.

Is measúnú a dhéantaí ar theacht isteach chuile dhuine a bhíodh ag fáil an dole i 1966. Mhol an Cumann Forbartha go gcuirfí deireadh leis an gcóras sin mar go raibh sé ag marú an spiorad a bhí in daoine dul chun cinn a dhéanamh. Níor tháinig aon athrú ar an gcóras sin go ceann trí nó ceathair de bhlianta ina dhiaidh sin. Tháinig foireann forbartha an Chontae ag cruinniú leis an gCumann Forbartha sa tSean Scoil ar an 2ú Nollaig, 1968. Caitheadh dhá bhliain ag brú ar



## OLLMHARGADH

**Ionad Búistéara  
Eisceadúnas**

**Stáisiún Breosla  
Crua Earraí • Fearas Carranna**

Chomhairle Contae na Gaillimhe córas uisce poiblí a chur ar fáil i gceantar Chois Fharraige. Ag cruinniú ar an 23ú Nollaig, 1968 socraíodh coiste Grúp Scéim Uisce a bhunú. Ar an Sú Nollaig, 1970 mhol an Cumann Forbartha go mbunófaí Comhar Creidmheasa san áit. Thart ar an am céanna bhíothas ag bunú Comharchumann Chois Fharraige. B'iontach an dul chun cinn a rinne Comharchumann Chois Fharraige, ní hé amháin do pharóiste an Chnoic, ach don cheantar uilig ó Bhearna go Ros a' Mhíl. Chuir an Comharchumann sin córas uisce reatha ar fáil i gcuid de cheantar an Spidéil, agus ins an gceantar uilig ó abhainn an Spidéil siar chomh fada le Ros a' Mhíl. Ina theannta sin, cuireadh scoláirí ar fáil i dtithe lóistín san áit, agus cuireadh jabanna ar fáil do leathchéad duine. D'fhoilsigh an Cumann Forbartha iris ar a tugadh 'Biseach' i 1967 agus arís i 1968 agus go rí mhinic ó shin.

### An Seanscoil

Bhí sean scoil an Chnoic go dona san am ar bunaíodh an Cumann Forbartha. Thug an Cumann ceannróaíocht le tuismitheoirí a eagrú le brú a chur ar an Roinn Oideachais scoil nua a chur ar fáil. I dtús na seachtóidí a tógadh an scoil nua sin. Is comhartha ar an bhfás agus ar an bhforbairt atá tagtha ar pharóiste an Chnoic go bhfuil méadú mór ag teastáil a dhéanamh ar an scoil sin anois le freastal ar riachtanais oideachais agus aclaíochta na ngasúr atá agus a bheas ag freastal orthu. Cé gur éirigh leis an gCumann Forbartha roinnt mhaith rudaí a chur i gcrích ins na chéad cúpla bliain taréis a bhunaithe ní raibh baill an chumainn sásta lena ndul chun cinn. Bhíodar fíor mhí-shásta le Comhairle Contae na Gaillimhe, agus le Ranna Stáit agus le Gaeltarra Éireann as a laghad a bhí siad siúd a dhéanamh ar son cheantar an Chumainn. Bhí an Cumann seo i measc coistí eile i gConamara páirteach i mbunú Eagrais na Gaeltachta.

Ba i Scoil Náisiúnta Rath Caim a bunaíodh Eagrais na Gaeltachta. Ba ghearr gur facthas don Chumann Forbartha nach raibh Eagrais na Gaeltachta in ann fiú amháin an oiread a dhéanamh agus a bhí an Cumann Forbartha a dhéanamh ar son pobal na Gaeltachta. B'é sin a spreag óige an pharóiste seo agus daoine óga i gceantair eile le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta a bhunú i mí na Márta 1969. Chuir Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta dúiseacht ar lucht cumhachta agus lucht údaráis sa tír seo nach ndéanfadh an Cumann Forbartha féin go deo. Bhí de dhualgas ar choistí mar an Cumann Forbartha grúpaí éagsúla a thabhairt leo le linn dóibh a bheith i mbun forbartha. Daoine óga nach raibh aon ghreim mhór ag an saol orthu a bhí i mbun Chearta Sibhialta. Is féidir a rá gur daoine a rinne printíseacht sa gCumann Forbartha a chuidigh le bunú agus neartú na gluaiseachta ins na chéad trí nó ceathair de bhlianta dá ré. D'iarr Gluaiseacht Chearta Sibhialta rudaí speisialta go dúshlánach, mar atá Údarás láidir Gaeltachta, Raidió na Gaeltachta agus postanna sa bhaile do phobal na Gaeltachta. Cé gur thit an Ghluaiseacht ó chéile taréis roinnt bhlianta, d'fhan fealsúnacht na hEagraíochta ag snámh i gcoistí pobail, i gcomharchumainn agus i gComhchoiste Ghaeltachta



SuperValu Indreabhán

## Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua  
Indreabhán  
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020  
Facs 091 593338

**SuperValu**  
Real Food. Real People

Chonamara ar feadh na mblianta, agus ní hé amháin sin, ach thosaigh aidhmeanna na gluaiseachta ag snámh isteach i gcláir toghchánaíochta páirtithe polaitíochta seanbhunaithe. D'fhéadfaí a rá go dtáinig aidhmeanna Chumann Forbartha Chois Fharraige chun soiléireachta in aidhmeanna Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

### Fostaíocht

Ins na seascadaí, bhí an Cumann Forbartha ag iarraidh fostaíocht agus forbairt a chur ar fáil i gceantar séipéil an Chnoic. Ins na seachtóidí, bhí an Cumann sin mar eagraíocht a bhí ag cur smaointe chun cinn sa bpobal agus ag tabhairt deis do choistí eile na smaointe sin a chur chun cinn. Ba coistí iad na coistí eile sin a bhí taréis fás go díreach nó go hindíreach as obair trí nó ceathair de bhlianta ag an gCumann Forbartha féin. Rinne coiste na páirce peile ar an gCnoc obair éachtach agus bhailigh siad an t-uafás airgid leis an bpáirc pheile agus leis an bpionúr liathróid láimhe a dhéanamh. Bhí an Cumann Forbartha ar fáil i gcónaí i ngéarchéim le cuidiú le coistí agus le grúpaí éagsúla sa phobal. I 1973, nuair a bhí Comharchumann Chois Fharraige i bhfíor dheacracht airgid, bhí baill an Chumann Forbartha sásta a dhul timpeall agus scaireanna a bhailiú agus obair dheonach a eagrú ar an ngrúp scéim uisce go dtí go dtiocfadh deontais ón Roinn Comhshaoil. B'é Cumann Forbartha Chois Fharraige a thug cuireadh do choistí pobail Chonamara ar fad a theabht le chéile ar an gCeathrú Rua áit ar bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara. Bunaíodh an Coiste sin mar réiteach

d'Údarás Gaeltachta bunaithe ar choistí pobail tofa. B'é an Comhchoiste sin ar mholadh ón gCumann Forbartha a mhol go mbeadh comórtas idir na pobail ann.

Tháinig Eithne Viney chun cainte leis an gComhchoiste ag an am céanna a raibh sí ag caint leis an Údarás faoi smaoineamh an chomórtais forbartha pobail. Cé go raibh an Cumann Forbartha go mór chun tosaigh ag moladh agus ag cuidiú le bunú an Chomórtais Forbartha pobail ag Gaeltarra Éireann, ní dóigh linn go bhfuair muid cothrom na féinne ariamh sa chomórtas sin mar de réir an chóras moltóireachta a bhí leagtha amach, d'fhéadfadh ceantar ar fhíor bheagán Gaeilge duaiseanna an chomórtais a fháil agus fuair.

## Comharchumann Nua

Nuair a d'éirigh Comharchumann Chois Fharraige as trádáil i 1983, bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh an dóchas a bhí i measc coistí sa phobal le blianta ag titim as a chéile. Ag cruinniú den Chumann Forbartha ag deireadh mhí Eanáir, 1984, moladh go mbunófaí Comharchumann nua, agus mar a bhualfa do dhá bhos faoi chéile, bhí seacht gcéad scairshealbhóir tar éis geallúint a thabhairt go raibh siad sásta €70,000 a chur ar fáil mar scair chaipiteal don Chomharchumann nua. B'é aidhm an Chumann Forbartha a bunaíodh bliain is fiche ó shin forbairt pobail a chur chun cinn trí an oireadh daoine agus is féidir ar an oiread coistí agus is féidir a bheith ag obair ar mhaithe le leas an

cheantair. Tá an-mholadh ag dul do Roinn na Gaeltachta as an mbealach atá acu le díogras a chruthú agus a chothú i measc pobail agus coistí trí thabhairt le tuiscint dóibh gur as na hiarratas agus as na hiarrachtaí a dhéanann na coistí agus na pobail atá airgead le fáil ón Roinn. Téann oifigigh Roinn na Gaeltachta as an mbealach le féin-mhuinín a thabhairt do choistí mar Chumann Forbartha Chois Fharraige mar tuigeann siad go bhfuil féin-chabhair mar eochair d'fhorbairt an phobail.

## Poiblíocht

Cáinteann an Cumann Forbartha go minic de bharr a laghad poiblíochta agus a iarrann siad agus dá bharr sin a fhaigheann siad dóibh féin agus don obair a bhíonn ar siúl acu. Níor shantaigh an Cumann Forbartha ariamh poiblíocht ar chúis mhaith amháin. Chreid an Cumann go n-oibríonn an phoiblíocht ar an nglóir aonair agus gurb í an ghlóir aonair sin a mharaíonn an fonn a bhíonn ar dhaoine a bheith ag comhoibriú le chéile ar mhaithe le leas a bpobal.

I mí Márta, 1987, beidh bliain is fiche caite ag an gCumann seo ag obair ar son leasa pharóiste an Chnoic. Ins na blianta sin, chonaic an pobal seo athruithe móra. Tá go leor daoine a chuidigh leis an gCumann agus cuid acu a d'oibrigh go crua ar an gCoiste imithe ar shlí na fírinne. Is críonna an té a déarfadh cén chaoi a mbeidh paróiste an Chnoic bliain agus fiche ó inniu. Chuidigh dóchas, fíis, fadbhreathnaíocht agus foighid leis an bpobal seo agus leis an gcoiste sna blianta atá caite. Sé ár ndóchas go dtiocfaidh ceannródaithe óga chun cinn ins an am atá romhainn a choinne os paróiste an Chnoic ina áit a mbeidh saothrú le fáil ann agus compóirt agus solás le maireachtáil ann, agus thar aon rud eile go mbeidh sé fós ina Ghaeltacht chomh láidir agus a bhi an lá ar bunaíodh an Cumann Forbartha. Má éiríonn linn sin a dhéanamh beidh muid mar phobal, inár sampla do pharóistí eile ar fud na tíre.



# Forbairt Pobal Teanga Cultúr

## Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

|                                                                                    |                                                                                                    |                                                                                                                      |                                                                                                            |
|------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Na Forbacha</b><br>Co. na Gaillimhe<br>Teil: (091) 503100<br>Facs: (091) 503101 | <b>Baile Mhic Ire,</b><br>Maigh Chromtha,<br>Co. Chorcaí<br>Teil: (026) 45386<br>Facs: (026) 45423 | <b>Páirc Ghnó Ghaoth</b><br>Dobhair<br>Doirí Roga<br>Co. Dhún na nGall<br>Teil: (074) 9560100<br>Facs: (074) 9560101 | <b>Páirc Ghnó an Daingin</b><br>An Daingean,<br>Co. Chiarraí<br>Teil: (066) 9150100<br>Facs: (066) 9150101 |
|------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Áislann Bheal an Mhuirthead,  
 Béal an Mhuirthead,  
 Co. Mhaigh Eo  
 Teil: (097) 81418  
 Facs: (097) 81419

[e: eolas@udas.ie](mailto:eolas@udas.ie)
[w: www.udas.ie](http://www.udas.ie)


